



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

An Roinn Pleanála & Forbartha Réadmhaoine

TREOIR CHUN IARRATAS PLEANÁLA A DHÉANAMH

SEICLIOSTA TREORACH DON IARRTHÓIR

Moltar duit an seicliosta seo a líonadh agus a chur ar fáil le d'fhoirm iarratais phleanála.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, gur chun críche eolais é an seicliosta seo, agus nach seicliosta deifnídeach é. Tá an dualgas ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil a (h)iarratas i gcomhréir iomlán leis na **Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú)**. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart a fhógairt go bhfuil iarratas neamhbhailí mura gcomhlíontar ceanglais uile na rialachán.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Arna leasú)

Alt

37 (5) An bhfuil achomharc déanta chuig an mBord Pleanála don suíomh céanna le haghaidh forbairt chosúil faoi láthair?

Tá/Nil

Má tá, tá an t-iaratas neamhbhailí faoi Alt 37(5) d'Acht um Pleanáil & Forbairt 2000

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú)

FÓGRA NUACHTÁIN

Airteagal
Uimh.

17(1)(a)	Foilsithe laistigh de 2 sheachtain ó iarratas a dhéanamh (is é lá 1 an dáta foilsithe)	☐
18(2)(a)	I Nuachtán faofa	☐
18(1)	Is é "Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath" an ceannnteideal	☐
18(1)(a)	Ainm iomlán an larrthóra san áireamh (Níl inisealacha inghlactha)	☐
18(1)(b)	Seoladh iomlán (lena n-áirítear foirgnimh ar chuinn) lena n-áirítear ainmneacha bóithre más suíomh cúinne atá i gceist agus ainmneacha na mbóithre ar fad a bhfuil tionchar ag an bhforbairt orthu. Ba cheart go n-áireofaí baile fearainn nó cód poist sa seoladh.	☐
18(1)(c)	An cineál iarratais san áireamh	☐
18(1)(d)	Tuairisc ghearr ar nádúr agus ar mhéid na forbartha* *Samplaí de thuairisc ar an bhforbairt ▪ Scartáil..... ▪ Tógáil..... ▪ Líon na n-urlár - tá gach urlár le comhaireamh lena n-áirítear urlár na talún agus aon urlár slánachair (e.g. ba cheart cur síos a dhéanamh ar urlár na talún le trí hurlár os a chionn móide díonteach mar "fhoirgneamh 5 urlár ina bhfuil ...") ▪ Lena n-áirítear..... ▪ Líon iomlán na dtithe, árasán, aonad.... ▪ Miondealú ar aonaid, cineál agus meascán árasáin (líon na seomraí leapa san aonad) ▪ Líon agus suíomh na spásanna do charranna nó do rothair; ▪ Gach slí amach agus slí isteach [bóithre le hainmniú]; ▪ Balcóiní (do thithe nua/ síntí le tithe cónaithe), léibhinn, gairdíní dín/léibhinn, dormánaigh (lena n-áirítear suíomh / láthair) ▪ Suíomh na forbartha nó an tsínidh i.e. ar chúl/ag an taobh nó chun tosaigh; ▪ An bhfuil an fhorbairt [e.g. teach/tithe] ceangailte, scoite, leathscoite, sraithe... ▪ Ba cheart cur síos iomlán a dhéanamh ar leasuithe ar chead pleanála roimhe seo agus ba cheart uimhir an iarratais phleanála a rinneadh roimhe seo a chur san áireamh ▪ Rochtain d'fheithiclí, pointí rochtana, líon na spásanna páirceála do charranna, spásanna do rothair	☐
	<i>Tabhair faoi deara nach bhfuil an liosta seo uileghabhálach</i>	
18(1)(d)(i)	Líon na dTithe/Aonad atá le soláthar, más infheidhme	☐
18(1)(d)(ii)	Sonraigh Cead Coinneála, más infheidhme	☐
18(1)(d)(iii)	Sonraigh déanmhas cosanta, más infheidhme	☐
18(1)(d)(iv)	Sonraigh Ceadúnas Rialaithe truaillithe/Ceadúnas Dramhaíola comhtháite, más infheidhme	☐
18(1)(d)(v)	Sonraigh go mbaineann an t-iaratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí, más infheidhme	☐
18(1)(e)	Sonraigh "Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas pleanála, nó é a cheannach le haghaidh <u>táille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh</u> , in oifigi Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath <u>i rith na n-uaireanta oscailte poiblí</u> agus féadfar aighneacht nó tuairim faoin iarratas a chur faoi bhráid an údarais i scríbhinn nuair a ioctar an táille fhorordaithe laistigh den tréimhse 5 seachtaine ag tosú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iaratas."	☐

98(a)	Sonraigh: Ráiteas Tionchair Timpeallachta, más infheidhme	☐
98(b)	Sonraigh: Tá an Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar fáil le scrúdú/le ceannach etc.	☐

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú)

FÓGRA SUÍMH

Airteagal Uimh.		
17(1)(b)	Curtha suas laistigh de 2 sheachtain ó iarratas a dhéanamh (is é lá 1 an dáta a chuirtear suas an fógra suímh)	☐
19(4)	Fógra suímh buí – iarratas bailí déanta laistigh de 6 mhí ó dháta déanta an iarratais roimhe	☐
19(1)(a)	Is é “FÓGRA SUÍMH Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath” an ceannnteideal	☐
19(1)(a)	Ainm lomlán an larrthóra (Níl inisealacha inghlactha)	☐
19(1)(a)	Seoladh lomlán; lena n-áirítear cód poist; ainmneacha bóithre más suíomh cúinne atá i gceist agus ainmneacha na mbóithre ar fad a bhfuil tionchar ag an bhforbairt orthu	☐
19(1)(a)	An cineál iarratais	☐
19(1)(a)	Tuairisc ghearr ar nádúr agus ar mhéid na forbartha (fógra nuachtáin, fógra suímh agus tuairisc ar an bhfoirm iarratais)	☐
19(1)(a)	Sonraigh Cead Coinneála (más infheidhme)	☐
19(1)(a)	Sonraigh déanmhas cosanta, más infheidhme (10 gcóip de gach plean, grianghraf, doiciméad etc.)	☐
19(1)(a)	Sonraigh Ceadúnas Rialaithe truaillithe/Ceadúnas Dramhaíola comhtháite, más infheidhme	☐
19(1)(a)	Sonraigh má bhaineann an t-iarratas le forbairt ina bhfuil forálacha, nó modhnuithe ar bhuanfhoras de réir bhrí Chuid 11 de na Rialacháin seo (An Treoir maidir le Mórthionóisci), más infheidhme.	☐
19(1)(a)	Sonraigh Ráiteas Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura, más infheidhme	☐
19(1)(a)	Sonraigh: Tá an Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar fáil le scrúdú/le ceannach etc.	☐
19(1)(a)	Sonraigh “Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas pleanála, nó é a cheannach le haghaidh táille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, in oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath <u>i rith na n-uaireanta oscailte poiblí</u> . Féadfar aighneacht nó tuairim faoin iarratas a chur faoi bhráid an údaráis i scríbhinn nuair a íoctar an táille fhorordaithe (€20.00) laistigh den tréimhse 5 seachtaine ag tosú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus breithneoidh an t-údarás pleanála a leithéid sin d’aighneachtaí nó tuairimí nuair a bheidh cinneadh maidir leis an iarratas á dhéanamh. D’fhéadfadh an t-údarás pleanála cead a thabhairt faoi réir nó d’éagmais coinníollacha, nó d’fhéadfadh sé diúltú ceadúnas a thabhairt.”	☐
19(1)(a)	Sínithe ag larrthóir nó Sínithe ag Gníomhaire le Seoladh Teagmhála.	☐
19(1)(a)	Sonraigh an dáta ar cuireadh suas an fógra suímh	☐

FOIRM IARRATAIS -- ÁBHAR GINEARÁLTA

	Tá na mionsonraí ar an bhfoirm ag teacht lena bhfuil ar na fógraí poiblí (féach thuas) .	☐
22(1)	Foirm iarratais phleanála: Ní mór gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt ina n-iomláine	☐
	An bhfuil an t-iarratas díolmhaithe ó Tháillí Pleanála (Má tá, sonraigh forais na díolúine)	☐
23(2)	Sonraigh más DÉANMHAS COSANTA agus/nó má tá sé lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta , más infheidhme	☐

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú)

Airteagal
Uimh.

DOICIMÉID ATÁ LE CUR AR FÁIL

Gach tuarascáil, líníocht le cur i dtoll a chéile mar thacair

22(2)(a)	1 x leathanach de nuachtán	
22(2)(a)	1 x cóip den fhógra suímh	
22(2)(e)	Tithíocht Nua – ba cheart <u>ceann amháin</u> acu seo a leanas a chur ar fáil: ▪ Sa chás go bhfuil feidhm le hAlt 96 de Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), cuirfear an méid seo leanas san áireamh, mar shampla, (i) mionsonraí maidir lena leithéid de chuid nó codanna den talamh atá faoi réir an iarratais ar chead nó atá sonraithe i comhaontú Chuid V, nó tithe atá lonnaithe ar thalamh thuasluaite dá leithéid nó áit éigin eile i limistéar feidhme an údaráis áitiúil atá beartaithe a aistriú chuig an údarás pleanála, nó mionsonraí tithe atá lonnaithe ar thalamh thuasluaite dá leithéid nó áit éigin eile i limistéar feidhme an údaráis áitiúil atá beartaithe a léasú don údarás pleanála, nó mionsonraí maidir le haon mheascán den mhéid thuasluaite, agus (ii) mionsonraí maidir le ríomhanna agus modheolaíocht chun luachanna talún, costais suímh, gnáthchostais tógála agus forbartha agus brabús ar na costais seo agus costais ghaolmhara eile cosúil le cion oiriúnach d'aon oibreacha forbartha coiteanna atá ceangailteach chun forálacha Chuid V den Acht a chomhlíonadh a ríomh" ▪ 1 x Deimhniú Díolúine i leith Tithíocht Shóisialta nó; ▪ 1 x iarratas ar Dheimhniú Díolúine i leith Tithíocht Shóisialta i dteannta le <u>dearbhuíocht</u> agus 2 Léarscáil Láthair Suímh (Scála 1:1000), nó ▪ Sa chás go bhfuil feidhm le hAlt 96(13) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), ba cheart mionsonraí a sholáthar maidir leis an mbonn ar dócha go bhfuil Alt 96(13) i bhfeidhm i ndáil leis an bhforbairt a chur ar fáil i.e. trí athchóiriú nó atógáil chun áitreabh cónaithe a chruthú.	
22(2)(g)	Leas dlíthiúil sonraithe – Litir Toilithe curtha ar fáil sa chás nach é an t-iarrthóir úinéir dlíthiúil na talún nó an déanmhais lena mbaineann. Litir agus gníomhas probháide/ceapacháin riachtanach áit ar gá	
22(2)(h)	An táille chuí.	
	Má tá iarratas déanta ar chead IMLÍNEACH , cinntigh <u>nach</u> bhfuil iarratas á dhéanamh ar aon cheann acu seo a leanas:	
21(b)	▪ Déanmhais Cosanta	
21(a)	▪ Coinneáil forbartha.	
21(c)	▪ Tá Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú/Ceadúnas Dramhaíola riachtanach	
134	▪ Bainteach leis an Treoir maidir le Mórhionóiscí	

SEICLIOSTA TEICNIÚIL

Gach tuarascáil, líníocht le cur i dtoll a chéile mar thacair

22(2)(b)	Léarscáil suímh nach lú ná 1:1000 le teorainn iomlán an tsuímh imlínithe dearg agus aon talamh tadhlach le, buailte le nó cóngarach dó agus atá faoi úinéireacht an iarrthóra imlínithe gorm – agus ceadanna slí imlínithe buí	
23(1)(g)	Áirítear i bpleananna nó léarscáileanna suirbhéireachta ordanáis (SO) uimhir ábhartha na bileoige SO	
22(2)(b)(iv)	Suíomh an Fhógra Suímh le marcáil ar an 6 (nó 10 gcóip) chóip den Léarscáil Láthair Suímh (1:1000)	

23(1)(a)	Plean suímh/plean bloc/plean leagan amach ag scála nach lú ná 1:500	☐
23(1)(a)	Plean suímh: an teorainn suímh iomlán línithe dearg	☐
23(1)(a)	Aon fhoirgnimh, bóithre, teorainneacha etc. atá tadhlach le nó gar don suíomh ábhartha a thaispeáint ar an bplean suímh	☐
23(1)(c)	Plean suímh agus pleananna eile ar a léirítear comhrianta agus/nó leibhéil más infheidhme	☐
23(1)(f)	Pleananna suímh agus leagan amach ar a léirítear faid aon struchtúr ó teorainneacha an tsuímh	☐
23(1)(e)	Idirdhealú soiléir déanta idir struchtúir mholta agus struchtúir reatha (má thagraítear d'iarratas faofa roimhe seo i bhfógraí poiblí, ní mór léaráidí a chur ar fáil agus uimhir na líníochtaí agus na tagartha pleanála roimhe seo a shonrú go soiléir)	☐
23(1)(b)	Pleananna eile, lena n-áirítear airdí agus codanna, tarraingthe ag scála nach lú ná 1:200 (nó scála comhaontaithe)	☐
23(1)(f)	Léireofar i bhfigiúirí i bpleananna agus líníochtaí reatha agus molta de phleananna urláir, airdí (<i>gach taobh</i>) agus codanna na bpríomhthoisí (lena n-áirítear airde fhoriomlán)	☐
23(1)(h)	Pointe an tuaiscirt taispeánta ar gach plean agus líníocht suímh agus urláir (seachas airdí agus codanna)	☐
23(1)(d)	Líníochtaí airde ar a thaispeántar struchtúr beartaithe agus foirgneamh tadhlach (<i>iomlán</i>) don suíomh beartaithe nó gar dó ag scála nach lú ná 1:200	☐
22(A)	Líníocht ar a thaispeántar an chuid den suíomh a bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le freagracht a ghlacadh as (más infheidhme)	☐

SEICEÁLACHA DEIRIDH

An bhfuil Ráiteas Tionchair Timpeallachta ag teastáil?

☐ Tá/Nil

23(2) An bhfuil **Déanmhas Cosanta** nó oibreacha laistigh de chúirtealáiste **Déanmhas Cosanta** san áireamh san fhorbairt?

☐ Tá/Nil

Má tá, tá Ráiteas Modh Caomhantais le cur ar fáil mar aon le grianghraif, pleananna etc., de réir mar is gá chun léargas a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag an bhforbairt ar charachtar an struchtúir.

TABHAIR FAOI DEARA: Teastaíonn 10 gcóip de líníochtaí, ráitis, grianghraif, etc. le haghaidh iarratas a áirítear iontu oibreacha ar Dhéanmhas Cosanta nó laistigh de chúirtealáiste Déanmhas Cosanta.

Fógraí Poiblí i gcomparáid le Pleananna: An bhfuil cur síos iomlán déanta sna fógraí poiblí ar na hoibreacha atá sonraithe ar na pleananna/sna líníochtaí?

☐ Tá/Nil

Sínithe:

Dáta:

TÁILLÍ IARRATAIS PHLEANÁLA:

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na táillí iarratais phleanála, mar atá leagtha síos ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, faoi 13 Aicme. Go ginearálta, is é €38,000 an uastáille phleanála, nó €125,000 i gcás coinneála. Is é €34 an íostáille iníoctha. Tá an táille le haghaidh cead imlíneach cothrom le $\frac{3}{4}$ den táille iomlán, faoi réir íostáille don aicme sin. Is é €28,500 an uastáille le haghaidh cead imlíneach.

Uimhir agus Tuairisc Aicme	Méid na táille	Méid na táille do chead coinneála
1. Soláthar Teach nó Árasán cónaithe	€65 an t-aonad	€195 nó € 2.50 an t-aonad cearnach d'ollspás urláir, cibé acu is mó
2. Síneadh le háit chónaithe/feabhsúcháin eile	€34	€102 nó € 2.50 an t-aonad cearnach d'ollspás urláir, cibé acu is mó
3. Soláthar foirgneamh nó struchtúr talmhaíochta chun cúnna a choimeád (féach ar na Rialacháin.)	Íostáille €80	Féach ar na Rialacháin
4. Foirgnimh eile (i.e. oifigí, tráchtáil etc.)	€3.60 an t-aonad cearnach d'ollspás urláir nó cuid de (íostáille €80)	€10.80 (íostáille €240)
5. Úsáid talún (diantalmhaíocht, foraoisiú, athchur foraoise, baint mhóna) féach ar na Rialacháin.	€5 an heicteár	€15 an heicteár
6. Úsáid talún (mianadóireacht, sil-leagan nó dramhaíl)	€50 an heicteár 0.1 heicteár nó cuid de (íostáille €500)	€150 (íostáille €1,500)
7. Úsáid talún (campáil, páirceáil mótarfheithiclí, stóras oscailte mótarfheithiclí)	€50 an heicteár 0.1 heicteár nó cuid de (íostáille €80)	€150 (íostáille €240)
8. Soláthar gléasra/innealra/tanc nó struchtúr eile chun críche stórais.	€50 an heicteár 0.1 heicteár nó cuid de (íostáille €200)	€150 (íostáille €600)
9. Struchtúr fógraíochta	€20 an heicteár nó cuid de (íostáille €80)	€60 (íostáille €240)
10. Línte tarchuir leictreachais	€50 an 1,000 méadar (íostáille €80)	€150 (íostáille €240)
11. Talamh a úsáid mar ghalfchúrsa nó cúrsa galf dhá mhaide	€50 an heicteár	€10
12. Talamh a úsáid mar ionad adhlactha	€50 an heicteár (íostáille € 200)	€150 (íostáille €600)
13. Ní bhaineann an fhorbairt le haon cheann de na haicmí thuasluaite	€80 nó €10 an 0.1 heicteár, cibé acu is mó	€240 nó €30 an 0.1 heicteár, cibé acu is mó

LIOSTA DE NUACHTÁIN FAOFA

Tá na nuachtáin liostaithe thíos faofa chun iarratais phleanála a bhaineann le limistéar feidhme Chathair Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú iontu.

Dublin Gazette (Eagrán na Cathrach)	Sunday Business Post
Irish Daily Mail	Sunday Independent
Irish Daily Mirror	Sunday Times
Irish Examiner	Sunday World
Irish Independent	The Echo Group (le haghaidh seoltaí sa limistéar scaipthe)
Irish Mail on Sunday	The Herald
Irish People	The Irish Sun
Irish Sunday Mirror	The Northside & Southside News
Irish Times	The Star
Local News South, North and West	
Northside People East & West editions (le haghaidh seoltaí sa limistéar scaipthe)	
Southside People (le haghaidh seoltaí sa limistéar scaipthe)	

Is é an t-iarrthóir atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an nuachtán roghnaithe á scaipeadh laistigh den limistéar lena mbaineann an t-iarratas.

Nóta Tábhachtach

Beidh coinníoll ranníocaíochta forbartha (arna cheangal faoi Alt 48 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ag gabháil le gach cead a dheonaítear, más infheidhme. Féach ar www.dublincity.ie áit a bhfuil na rátaí ranníocaíochta forbartha is déanaí luaite.



An Roinn Pleanála & Forbartha Réadmhaoine

Conas Iarratas Pleanála Bailí a dhéanamh faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú)

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

Séanadh

Tá sé beartaithe gur treoir a bheidh sa bhileog seo agus ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlí de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Arna leasú) 2001 atá ann

Má tá amhras ort faoi aon ghné den phróiseas a bhaineann le hiarratas pleanála a dhéanamh, ba cheart duit na rialacháin a léamh nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Clárlainne, An Roinn Pleanála ag Teil. 222 2149

Eanáir 2020

RÉAMHRÁ

Tá oibleagáid ar an Roinn Pleanála scrúdú a dhéanamh ar gach iarratas pleanála nua lena chinntiú go bhfuil sé de réir na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú).

Mura bhfuil na ceanglais atá leagtha síos sa doiciméad seo á gcomhlíonadh ag iarratas pleanála, ní bheidh an dara rogha ag an Roinn Pleanála ach a fhógairt go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí agus é a sheoladh ar ais chuig an t-iarrthóir.

Níl aon fhoráil sna rialacháin chun cead a thabhairt don Roinn Pleanála fógraí nuachtáin/suímh nua nó athbhreithnithe a lorg nó chun aon mhionsonraí nach raibh san áireamh san iarratas a lorg.

Ní mór go mbeadh mionsonraí maidir le conas a bheidh Cuid V d'Acht Pleanála 2000 (arna leasú) á gcomhlíonadh ag an iarrthóir i dteannta le haon iarratas a áirítear ann tithe nó árasáin nua. Mura gcuirtear iad seo ar fáil, fógrófar go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí agus seolfar ar ais chuig an t-iarrthóir é.

Is é an aidhm atá leis an doiciméad seo cabhrú le hiarrthóirí iarratas pleanála bailí a dhéanamh. Tá sé roinnte faoi na ceannteidil seo a leanas -

- ◆ Fógra Nuachtáin
- ◆ Fógra Suímh
- ◆ Na hÁbhair a bhíonn in Iarratais Phleanála go Ginearálta
- ◆ Na Líníochtaí Riachtanacha
- ◆ Na Táillí Dlite
- ◆ Liosta na Nuachtán Faofa

TREORACHA CHUN FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA A LÍONADH

Seo a leanas na ceanglais atá luaite le cead pleanála bailí a dhéanamh faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (Arna leasú).

FÓGRA NUACHTÁIN

Foilseofar an fógra nuachtáin i nuachtán (féach ar liosta na nuachtán faofa thíos) laistigh de thréimhse coicíse i ndiaidh an t-iarratas a dhéanamh agus ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas á shonrú -

- “Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath” mar cheannteideal
- Ainm an Iarrthóra
- Seoladh / suíomh na talún nó an struchtúir
- Céard le haghaidh an t-iarratas:
 - Cead
 - Cead coinneála
 - Cead imlíneach
 - Cead de bhun ceada imlínigh – sonraigh uimhir thagartha an cheada imlínigh
- Nádúr agus méid na forbartha, líon na dtithe san áireamh (más infheidhme). An mbaineann an t-iarratas le leasuithe nó modhnuithe ar iarratas faofa roimhe seo, ní gá uimhir an iarratais phleanála roimhe a shonrú (ní uimhir ordaithe an chinnidh).
- Sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choimeád, nádúr úsáid bheartaithe an struchtúir agus, más cuí, an tréimhse a bhfuil sé beartaithe an struchtúr a choimeád
- Sa chás go mbaineann iarratas le hobair a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó déanmhas cosanta beartaithe, ní mór é sin a chur in iúl
- Má theastaíonn ceadúnas rialaithe truaillithe/ceadúnas dramhaíola comhtháite, ní mór é seo a shonrú san fhógra nuachtáin.
- Sonraigh go mbaineann an t-iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí, más infheidhme
- Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas pleanála, nó é a cheannach le haghaidh **táille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh**, in oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath **i rith na n-uaireanta oscailte poiblí** agus féadfar aighneacht nó tuairim faoin iarratas a chur faoi bhráid an údaráis i scríbhinn nuair a íoctar an táille fhorordaithe laistigh den tréimhse 5 seachtaine ag tosú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas.

FÓGRA SUÍMH

- Ní mór an Fógra Suímh a chur suas nach mó ná coicís roimh iarratas a dhéanamh agus ní mór go mbeadh an t-eolas céanna sonraithe air: na hoibreacha beartaithe, mar atá le feiceáil san fhógra nuachtáin, lena n-áirítear an pointe go mbeidh an t-iarratas ar fáil le hiniúchadh agus/nó le ceannach i rith uaireanta oscailte poiblí agus gur féidir aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 5 seachtaine ó iarratas a dhéanamh.

- Ní mór go mbeadh an fógra suímh sínithe ag an iarrthóir nó sínithe ag gníomhaire an iarrthóra le seoladh teagmhála.
- Ní mór an dáta ar cuireadh suas an fógra suímh a shonrú air.
- Ní mór go mbeadh an fhaisnéis inscríofa nó priontáilte i ndúch doscriosta ar chúlra bán, greamaithe d'ábhar docht, marthanach agus á choinneáil slán ó dhamáiste ó dhrochaimsir agus cúiseanna eile.
- Ní mór go mbeadh an fógra curtha suas nó daingnithe i suíomh feiceálach ar nó gar don phríomhbhealach isteach chuig an talamh nó struchtúr ón mbóthar poiblí, nó áit a bhfuil níos mó ná bealach isteach amháin ó bhóithre poiblí, ar nó in aice le gach bealach isteach dá leithéid.
- Ní mór go mbeadh an fógra le feiceáil ag daoine a bhfuil an bóthar poiblí in úsáid acu, agus níor cheart go mbeadh an fógra folaithe nó ceilte am ar bith.
- Sa chás go ndéantar an dara hiarratas bailí laistigh de 6 mhí ón iarratas roimhe, ní mór go mbeadh an fógra suímh ar an dara hiarratas inscríofa ar **chúlra buí**.
- Ní mór an fógra suímh a fhágáil ann ar feadh 5 seachtaine ó dháta déanta an iarratais agus ní mór é a athnuachan nó a athsholáthar má loitear é nó má bhíonn sé doléite
- Moltar fógra suímh a phriontáil ar ábhar atá chomh mór le leathanach A4 agus níor cheart go mbeadh sé níos airde ná 1.5 mhéadar.

NA HÁBHAIR A BHÍONN IN IARRATAIS PHLEANÁLA GO GINEARÁLTA

Ní mór go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas le fáil in aon iarratas phleanála a dhéantar

—

- Tá an t-iarratas á dhéanamh le haghaidh cead / cead coinneála / cead imlíneach de bhonn ceada imlínigh. Má bhaineann an t-iarratas le cead ar bhonn ceada imlínigh, ansin ba cheart uimhir phlean an cheada imlínigh a shonrú.
- Ainm agus seoladh, uimhir theileafóin, agus seoladh ríomhphoist (más ann dó) an iarrthóra agus aon duine atá ag gníomhú ar a s(h)on
- Seoladh lena bhfuil comhfhreagras maidir leis an iarratas le seoladh
- Sa chás gur cuideachta é an t-iarrthóir, ainmneacha stiúrthóirí na cuideachta agus seoladh agus cláruimhir na cuideachta.
- Seoladh / suíomh na forbartha
- Ní mór leas dlíthiúil an iarrthóra sa suíomh forbartha atá beartaithe a shonrú. **Sa chás nach é an t-iarrthóir úinéir dlíthiúil na talún nó an struchtúr lena mbaineann, toiliú i scríbhinn an úinéara chun an t-iarratas a dhéanamh.**
- Sonraigh an limistéar talún lena mbaineann an t-iarratas,
- Sa chás go mbaineann an t-iarratas le foirgnimh, sonraigh ollspás urláir aon fhoirgnimh atá ann cheana agus foirgnimh atá beartaithe. Maidir le forbairt tithíochta, sonraigh líon na dtithe.
- Sonraigh cibé an dteastaíonn nó nach dteastaíonn Ceadúnas Rialaithe Truailithe Comhtháite ón bhforbairt atá beartaithe.
- Sonraigh go mbaineann an t-iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí, más infheidhme.
- Sonraigh má bhaineann obair ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe leis an iarratas.
- Má tá Cuid V i bhfeidhm maidir le cineál agus méid na Forbartha

NA LÍNÍOCHTAÍ RIACHTANACHA

- Sa chás gur forbairt nó coimeád forbartha den chuid is mó atá i gceist le hiarratas, **sé chóip/10 gcóip (más Déanmhas Cosanta)** de phleananna suímh/leagan amach, pleananna urláir, airde agus codanna a ndéanann cur síos ar an bhforbairt. Ní mór go mbeadh gach plean etc. i scála méadrach
- Taispeánfar suíomh an fhógra suímh ar an 6/10 gcóip den Láthair Suímh Léarscáil (Scála 1:1000)
- Sa chás go mbaineann iarratas le hathrú úsáide go príomha (nó coimeád athrú úsáide), ráiteas maidir leis an úsáid faoi láthair agus an úsáid atá beartaithe i dteannta le mionsonraí maidir le nádúr agus méid na húsáide beartaithe. Ní mór go mbeadh sé chóip de líníochtaí, mar atá sonraithe thuas, le haghaidh aon fhorbairt a áirítear in iarratas ar athrú úsáide.
- Scála na léarscáile láithreach **1:1000**. Beidh suíomhanna imlínithe **dearg** agus tailte faoin úinéireacht imlínithe **gorm**, agus beidh ceadanna slí imlínithe **buí**
- Ní mór go mbeadh pleananna suímh agus leagan amach tarraingthe ag scála nach lú ná 1:500 (ní mór an scála a shonrú ar an líníocht) agus ní mór an teorainn suímh a thaispeáint i ndath dearg ar gach bóthar, foirgneamh agus gnéithe eile ar nó tadhlaigh leis an suíomh.
- Ba cheart go mbeadh pleananna, airdí agus codanna eile ag scála nach lú ná **1:200** (ní mór an scála a shonrú ar an líníocht) mura gcomhaontaítear ar scála difriúil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Tá leibhéil nó comhrianta le taispeáint ar phlean leagan amach an tsuímh.
- Tá príomhghnéithe foirgneamh tadhlaigh chun tosaigh agus ar gcúl, de réir mar is infheidhme, le taispeáint ar líníochtaí airde
- Beidh dathanna in úsáid ar phleananna ar a dtaispeántar atógáil, athrú nó síneadh ar dhéanmhas chun idirdhealú a dhéanamh idir an déanmhas atá ann agus atá beartaithe nó d'fhéadfaí iad a thaispeáint ina n-aonar. Tá na toisí seomra ar fad le taispeáint i bhfoirgneamh nua nó toisí gnáth-árasáin sa chás go bhfuil líon mór árasán ann.
- Pleananna urláir, airdí agus codanna ar a dtaispeántar toisí (airde fhoriomlán san áireamh) aon déanmhas beartaithe i bhfigiúirí. Pleananna suímh / leagan amach chun achair idir déanmhais agus teorainneacha suímh a thaispeáint.
- Pointe an tuaiscirt le taispeáint ar gach léarscáil (seachas airdí agus codanna) & agus uimhir na bileoige S.O. le taispeáint ar aon léarscáil atá bunaithe ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis
- Má tá aon chuid den suíomh forbartha le 'Tógáil i gCúram' ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá léarscáil ar a dtaispeántar an chuid seo den suíomh le cur ar fáil.

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas le haon iarratas pleanála a dhéantar –

- Foirm Iarratais Phleanála Comhlánaithe.
- Leathanach iomlán an nuachtáin ar a bhfuil an fógra pleanála & agus cóip den fhógra suímh atá curtha suas ag an suíomh.

- **6 (10 gcóip más Déanmhas Cosanta atá i gceist)** de na pleananna/líníochtaí ábhartha.
- An táille chuí.
- Iarratas ar Dheimhniú Díolúine i leith Tithíocht Shóisialta nó mionsonraí maidir le conas atá sé beartaithe ag an iarrthóir Cuid V d'Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú) a chomhlíonadh – más infheidhme.
- Ní mór go mbeadh grianghraif, pleananna nó mionsonraí eile atá riachtanach chun léargas a thabhairt ar an tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar charachtar an déanmhais i dteannta le hiarratas ar aon obair ar dhéanmhas cosanta nó ar aon réadmhaoin i Limistéar Caomhaontais Ailtireachta.